

Ionad Tacaíochta Teaghlaigh Chois Fharraige

Tá dul chun cinn maith déanta go dtí seo ar fhoirgneamh Ionad Tacaíochta Teaghlaigh Chois Fharraige atá ar chúl Shéipéal an Chnoic. Tá an t-ionad á thógáil faoi scáth Thionscnamh Pleanála Teanga Chomharchumann Shailearna. Tá a leithéid thar a bheith riachtanach sa lá atá inniu ann, mar a léirigh an Staidéar Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht, a d'fhoilsigh an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta ag deireadh mhí Dheireadh Fómhair. Dar leis an staidéar áirithe sin, tá “dúshlán fadtéarma le sárú ag na pobail sin ina bhfuil an Ghaeilge fós ina príomhtheanga pobail”.



An chéad bhealach isteach

Deir Caitlín Nic an Ultaigh, Cathaoirleach an Tionscnaimh Pleanála Teanga, go n-aithnítear go bhfuil an Ghaeilge faoi bhrú sa cheantar de bharr na n-athruithe sóisialta atá tarlaíthe le roinnt blianta anuas. “Caithfear seirbhísí tacaíochta teanga a chur ar fáil sa réimse is tábhachtaí ar fad don teanga – réimse an teaghlaigh. Caithfear dul i bhfeidhm ar thuismitheoirí faoin rogha atá le déanamh acu

maidir le teanga an teaghlaigh.”

Cuirfidh an t-ionad tacaíocht speisialta ar fáil do thuismitheoirí ar cainteoirí dúchais iad atá ag iarraidh Gaeilge a labhairt lena gclann, chomh maith le teaghlaigh atá tar éis bogadh isteach nó filleadh ar an gceantar, agus atá ag iarraidh a gclann a thógáil le Gaeilge. Chomh maith leis sin, tabharfar cabhair do lánúineacha, a bhfuil Gaeilge

ag tuismitheoir amháin, chun an Ghaeilge a úsáid mar theanga teaghlaigh.

“Beidh seirbhísí comhairleacha agus tacaíochta teanga ar fáil san ionad agus beidh deis ag tuismitheoirí agus teaghlaigh an cheantair teacht le chéile agus aithne a chur ar a chéile trí Ghaeilge,” a dúirt Nic an Ultaigh. “Beidh seirbhís chuimsitheach luathoideachais agus cúraim leanaí trí Ghaeilge ann. Tá seirbhís dá leithéid ina cuid thar a bheith tábhachtach d’infreastruchtúr sóisialta, oideachais agus pleanála teanga an phobail.”

Foirgneamh dhá stór a bheidh san Ionad Tacaíochta Teaghlaigh agus, chomh maith leis an naíolann agus an naíonra, beidh spás ann do sheirbhísí tar éis scoile, chomh maith le clubanna léitheoireachta, ceardaíochta, spraoi agus ceoil. Beidh spás san fhoirgneamh freisin do sheirbhísí de chuid Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, chomh maith le spás oifige agus riaracháin agus páirc spraoi taobh amuigh. Meastar go mbeidh ar a laghad 20 duine fostaithe go lánaimseartha nuair a bheidh an tIonad Tacaíochta Teaghlaigh faoi lán seoil.

“Go bunúsach, tá muid ag



Ag breathnú ó thuaidh

iarraidh cabhrú le teaghlaigh an Ghaeilge a chur ar aghaidh chuig an gcéad ghlúin eile,” dar le Nic an Ultaigh. “Chun é sin a dhéanamh, caithfear a bheith ag cuidiú le tuismitheoirí fiú sula dtagann an páiste ar an saol. Beidh seirbhísí comhtháite ar fáil san ionad chun díriú ar an aoisghrúpa ó ‘réamhbhreith’ go haois bunscoile. Beidh na seirbhísí ar fad atá i gceist faoin aon straitéis

amháin san ionad. Léirigh an staidéar teangeolaíoch, a d’fhoilsigh an Roinn le déanaí, an ghéarchéim atá ann faoi láthair agus an gá atá le caomhnú na Gaeilge, go háirithe sna ceantair sin is mó ina bhfuil sí faoi bhrú. Cuideoidh an t-ionad nua seo go mór le saibhriú agus le treisiú na Gaeilge i gceantar Chois Fharraige.”

Beidh an t-ionad á oscailt i mí Mheán Fómhair 2008.

